An Coimisinéir Gaeilge
Irish Language Commissioner

Plean Gníomhaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2026-2031

Ráiteas Inrochtaineachta Réamhrá

1.1 Faoi Alt 49A den Acht in Aghaidh Idirdhealú ar bhonn Míchumais 1995 (DDA 1995) (arna leasú le hAirteagal 5 den Ordú in Aghaidh Idirdhealú ar bhonn Míchumais (Tuaisceart Éireann) 2006), ceanglaítear ar Oifig an Choimisinéara Ghaeilge, agus í i mbun a feidhmeanna a chomhlíonadh, aird chuí a thabhairt ar an ghá atá ann:

- meonta dearfacha i leith daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn; agus
- rannpháirtíocht ó dhaoine faoi mhíchumas a spreagadh sa tsaol poiblí ('na dualgais maidir le míchumas').

1.2 Faoi Alt 49B den DDA 1995, ceanglaítear ar an Choimisinéir Gaeilge fosta plean a chur faoi bhráid an Choimisiúin Comhionannais, ina léirítear an dóigh a bhfuil sé beartaithe aige na dualgais sin a chomhlíonadh i ndáil lena fheidhmeanna.

1.3 Tá an Coimisinéir tiomanta go hiomlán dár ndualgais a bhaineann leis an phlean gníomhaíochta seo maidir le míchumas a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Déanfaidh muid na hacmhainní uile is gá a dháileadh (i dtéarmaí daoine, ama agus airgid) leis an phlean seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus, i gcás inar cuí, déanfaidh muid cuspóirí agus spriocanna a fhorbairt a bhaineann leis na dualgais maidir le míchumas i bpleananna corparáideacha agus i bpleananna oibriúcháin bliantúla.

1.4 Cuirfidh muid socruithe inmheánacha iomchuí i bhfeidhm fosta lena chinntiú go gcomhlíonfar na dualgais a bhaineann le míchumas, agus go gcuirfear an plean gníomhaíochta maidir le míchumas i bhfeidhm go héifeachtach. Cinnteoidh muid go gcuirfear an plean in iúl go héifeachtach don fhoireann, agus go gcuirfear an oiliúint agus an treoir uile is gá ar fáil don fhoireann maidir le dualgais a bhaineann le míchumas agus le cur i bhfeidhm an phlean.

1.5 Dáta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Comhionannais: <Cuir an dáta isteach>

1.6 Deimhníonn muid go bhfuil muid tiomanta tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Choimisiúin Comhionannais maidir le cur i bhfeidhm an phlean seo, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar an phlean seo gach cúig bliana. Rachaidh an Coimisinéir i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas agus a gcuid pleananna á gcur i bhfeidhm agus á n-athbhreithniú.

DRAFT

1.7 Is é seo a leanas an páirtí a bheidh freagrach as an phlean gníomhaíochta seo maidir le míchumas a chur i bhfeidhm, a athbhreithniú agus a mheasúnú, chomh maith leis an phointe teagmhála don Choimisinéir Gaeilge:

Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha
Oifig an Choimisinéara Ghaeilge
7-9 Cearnóg Shaftesbury
Béal Feirste
BT2 7DP
Ríomhphost: **eolas@coimisineir.org**

1.8 Cuirfear cóip den phlean seo, den dul chun cinn bliantúil a thuairiscíonn muid don Choimisiún Comhionannais, agus den athbhreithniú cúig bliana ar an phlean seo, ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

An Coimisinéir Gaeilge

1.9 Rinneadh foráil d'Oifig an Choimisinéara Teanga san Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022 (Tuaisceart Éireann) 2022 ('an tAcht'), agus bunaíodh i mí na Samhna 2025 í.

1.10 Bronnann an tAcht aitheantas oifigiúil ar stádas na Gaeilge i dTuaisceart Éireann, trí fhoráil a dhéanamh do na nithe seo:

- Ceapadh Coimsinéara Gaeilge
- forbairt ar chaighdeáin dea-chleachtais i dtaca le húsáid na Gaeilge i measc na n-údarás poiblí, agus
- ceangaltas a chur ar údaráis phoiblí aird chuí a thabhairt ar na caighdeáin seo de réir mar is cuí.

1.11 Faoin Acht, aithnítear bealaí eile a dtugtar aitheantas oifigiúil don Ghaeilge, mar shampla trí ghealltanas Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann glacadh le straitéis le forbairt na Gaeilge a chur chun cinn agus a chosaint, trí obair an Fhorais Teanga Thuaidh-Theas (Foras na Gaeilge), agus trí sholáthar a bhaineann leis an Ghaeloideachas.

DRÉACHT

1.12 Is é an phríomhaidhm atá ag an Choimisinéir Gaeilge ná úsáid na Gaeilge sna húdaráis phoiblí a chothú agus a chosaint agus iad ag soláthar seirbhísí don phobal nó do sciar den phobal i dTuaisceart Éireann.

1.13 Tá sé de dhualgas ar an Choimisinéir caighdeáin dea-chleachtais i dtaca le húsáid na Gaeilge i measc na n-údarás poiblí a ullmhú agus a fhoilsiú.

1.14 Agus na caighdeáin dea-chleachtais foilsithe, déanfaidh an Coimisinéir monatóireacht ar chomhlíonadh na gcaighdeán agus cuirfidh sé an comhlíonadh sin chun cinn, chomh maith le gearáin a imscrúdú; ag an am céanna, soláthróidh sé comhairle, tacaíocht agus treoir maidir le húsáid na Gaeilge ag na húdaráis ábhartha.

Poist sa tSaol Poiblí

1.16 Tá sé mar aidhm ag an Choimisinéir Gaeilge an dualgas atá leagtha amach in alt 49A den DDA 1995 a chomhlíonadh, is é sin rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa tsaol poiblí a spreagadh.

1.17 Déanfar earcaíocht agus roghnú do gach post in Oifig an Choimisinéara Gaeilge de réir An tOrdú in Aghaidh Idirdhealú ar bhonn Míchumais (Tuaisceart Éireann) 2006 agus le haird chuí ar na dualgais maidir le míchumas.

1.18 Is Corparáid Aonair é an Coimisinéir Teanga, a fhaigheann tacaíocht ó Choiste Iniúchta agus Dearbhaithe Riosca (CIDR). Tá ballraíocht an CIDRneamhspleách ar an Choimisinéir agus tá baill sheachtracha ann; is seo iad na haon cheapacháin phoiblí atá oscailte do dhaoine fásta laistigh d'Oifig an Choimisinéara.

1.19 Tacaíonn an CIDR leis an Choimisinéir (an tOifigeach Cuntasaíochta) maidir lena fhreagrachtaí, trí scrúdú géar a dhéanamh ar na próisis straitéiseacha a bhaineann le riosca, airgeadas, bainistíocht agus rialachas, agus trí dhúshlán a thabhairt dóibh. Ar a bharr sin, tugann an CIDR comhairle don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le leordhóthanacht an raoin a chlúdaítear le socruithe iniúchóireachta (inmheánacha agus seachtracha) leis na dearbhuithe riachtanacha a sholáthar.

1.20 Maireann tréimhse cheapacháin baill den CIDR ar feadh trí bliana. Faoi réir athbhreithnithe shásúil, d'fhéadfaí an ceapachán a athnuachan ar feadh téarma dara tréimhse 3 bliana.

DRAFT

Bearta

1.21 Tá na bearta a mholann muid a dhéanamh le linn thréimhse an phlean gníomhaíochta seo maidir le míchumas, mar aon le táscairí feidhmíochta nó spriocanna, leagtha amach in Iarscríbhinn 1 atá ceangailte leis seo.

Faomhadh

1.21 Tá an plean seo faofa ag an Choimisinéir Gaeilge

Sínithe:

Dr. Pól Deeds
An Coimisinéir Gaeilge

Dáta:

DRÉACHT

Iarscríbhinn 1

Plean Gníomhaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2026-2031

Tá bearta leagtha amach thíos le meonta dearfacha i leith daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn, agus le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa tsaol poiblí a spreagadh.

Gníomh	Aidhmeanna agus Cuspóirí	Aschuir Intomhaiste	Amscála	Príomhréimse Gnó
1. Oiliúint foirne a chur ar fáil lena chinntiú go dtuigeann an fhoireann na ceanglais a bhaineann le reachtaíocht maidir le comhionannas míchumais agus feasacht ar mhíchumas.	A chinntiú go bhfuil an fhoireann ar an eolas faoin oiliúint riachtanach maidir le míchumas, faoin dóigh a mbaineann sé lena gcuid oibre, agus faoin tábhacht a bhaineann le caitheamh le daoine le dínit, cothromaíocht, comhionannas agus meas.	Oiliúint maidir le feasacht ar mhíchumas curtha ar fáil do 100% den fhoireann. Oiliúint athnuachana curtha ar fáil gach dhá bhliain. Feasacht ar mhíchumas a bheith san áireamh in ábhair ionduchtaithe.	Blianta 1-5	Seirbhísí Corparáideacha

2. Oiliúint a chur ar fáil don fhoireann lena chinntiú go dtuigeann na baill foirne sin, a chruthaíonn nó a fhoilsíonn ábhar, an inrochtaineacht ar líne agus an comhlíonadh ar na ceanglais atá leagtha amach sna rialacháin ábhartha.	Lena chinntiú go bhfuil an fhoireann — ar cruthaitheoirí/foilsitheoirí ábhair iad — ar an eolas faoin treoir is déanaí maidir le hinrochtaineacht, agus go bhfuil a fhios acu an dóigh leis sin a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre.	Cuirtear oiliúint ar fáil don fhoireann ar fad a bhíonn páirteach in ábhar a chruthú nó ábhar a fhoilsiú ar líne. Léiríonn taifid mhonatóireachta go bhfuil oiliúint curtha ar fáil don fhoireann ábhartha.	Blianta 1-5	Seirbhísí Corparáideacha – Feidhm na Cumarsáide
3. Duine in Oifig an Choimisinéara Gaeilge a aithint agus a spreagadh a ghlacfaidh ról le tacú leis an fhoireann agus comhairle a chur orthu maidir le saincheisteanna a	Ceannaireacht a thabhairt san oifig maidir le cuimsiú daoine faoi mhíchumas.	Ball foirne ainmnithe mar seaimpín ar chúrsaí míchumais, clár oibre bliantúil comhaontaithe, agus tuairisciú ar dhul chun cinn déanta don bhainistíocht shinsearach.	Bliain 1	An Coimisinéir / Foireann Bainistíochta Sinsearaí

DRÉACHT

bhaineann le míchumas.				
4. Inrochtaineacht dhigiteach ar shuíomh gréasáin na hoifige agus ar sheirbhísí ar líne a chinntiú.	Rochtain ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí digiteacha a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas.	Ceisteanna inrochtaineachta a chur san áireamh agus an suíomh gréasáin á fhorbairt agus á nuashonrú.	Blianta 1-5	Seirbhísí Corparáideacha
5. Deiseanna a aithint le dearcadh dearfach i leith an mhíchumais a chur chun cinn trí íomhánna ar shuíomh gréasáin ACG, ar na meáin shóisialta agus i bhfoilseacháin.	Úsáid íomhánna de bhaill foirne, de chuairteoirí agus de pháirtithe leasmhara a chothaíonn meonta dearfacha i leith daoine faoi mhíchumas.	Athbhreithniú ar na híomhánna a úsáidtear, lena chinntiú go léiríonn siad daoine sa phobal agus, i gcás inar féidir, daoine a bhaineann úsáid as seirbhísí ACG nó a ghlacann páirt iontu, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas.	Blianta 1-5	Seirbhísí Corparáideacha
6. Acmhainní inrochtana a fhorbairt	A chinntiú go bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar acmhainní	Príomhfhoilseacháin a bheith ar fáil i bhformáidí leictreonacha inrochtana;	Blianta 1-5	Seirbhísí Corparáideacha agus

DRÉACHT

		cuirtear san áireamh formáidí ar nós ‘Léamh Éasca’, formáidí closleabhair agus eile, de réir mar is cuí.		Beartais & Caighdeáin
7. Cúrsaí a bhaineann le míchumas a chur san áireamh i bhforbairt beartais.	A chinntiú go gcuirtear san áireamh an tionchar ar dhaoine faoi mhíchumas agus beartais nó seirbhísí á bhforbairt.	Breithnithe a bhaineann le míchumas a thabhairt isteach i dteimpléid scagthástála agus forbartha beartais. Breithnithe a bhaineann le míchumas atá doiciméadaithe i moltaí beartais.	Blianta 1-5	Seirbhísí Corparáideacha agus Beartais & Caighdeáin
8. Comhoibriú leis an phríomhthionónta le timpeallacht oibre a sholáthar atá inrochtana ag baill foirne agus ag	Comhoibriú i gcomhar le CCTÉ, mar phríomhthionónta Equality House, le timpeallacht oibre inrochtana agus chuimsitheach a chur	Plé le CCTÉ maidir le ceisteanna inrochtaineachta, de réir mar is gá. Breithnithe inrochtaineachta curtha	Blianta 1-5	Seirbhísí Corparáideacha

DRÉACHT

cuairteoirí atá faoi mhíchumas acu.	chun cinn do bhaill foirne agus do chuairteoirí faoi mhíchumas, agus bearta inrochtana á gcur i bhfeidhm ag an am céanna mar chuid de réimse freagrachta na hOifige.	san áireamh i bpleanáil oifige. Déanfar socruithe réasúnta nuair is féidir.		
9. Cleachtais earcaíochta agus fostaíochta a athbhreithniú.	Comhionannas deiseanna a chur chun cinn d'iarratasóirí agus d'fhostaithe faoi mhíchumas.	Ábhar earcaíochta a athbhreithniú. Eolas faoi choigeartuithe réasúnta san áireamh i litríocht earcaíochta.	Blianta 1-5	Seirbhísí Corparáideacha
10. Monatóireacht a dhéanamh ar ghearáin agus ar aiseolas a bhaineann le míchumas.	Bacainní a bhíonn roimh dhaoine faoi mhíchumas a aithint agus seirbhísí a fheabhsú.	Monatóireacht a dhéanamh ar ghearáin agus ar aiseolas.	Blianta 1-5	Seirbhísí Corparáideacha

DRÉACHT

		Gníomhartha feabhsúcháin curtha i bhfeidhm.		
11. Inrochtaineacht ar ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí a fheabhsú.	A chinntiú go bhfuil comhairliúcháin, cruinnithe agus imeachtaí inrochtana agus cuimsitheach.	Inrochtaineacht curtha san áireamh agus ionaid á lorg. Formáidí malartacha, léirmhíniú i mBSL & ISL agus tacaíochtaí eile curtha ar fáil nuair is gá.	Blianta 1-5	Seirbhísí Corparáideacha agus Beartais & Caighdeáin
12. An Plean Gníomhaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a fhoilsiú agus a chur chun cinn.	Feasacht a ardú ar thiomantas na hOifige do chuimsiú daoine faoi mhíchumas, agus rannpháirtíocht a spreagadh sna gníomhartha atá leagtha amach sa phlean.	An plean foilsithe ar shuíomh gréasáin na hoifige. Poiblíocht déanta ar an phlean trí bhealaí cumarsáide cuí. Páirtithe leasmhara curtha ar an eolas faoin fhoilseachán.	Bliain 1 (foilsiú) agus cur chun cinn leanúnach sna blianta 1–5.	Seirbhísí Corparáideacha

DRÉACHT

13. Plean Gníomhaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a athbhreithniú gach bliain.	Monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus feabhsú leanúnach a chinntiú.	Athbhreithniú déanta gach bliain ar an phlean gníomhaíochta agus é a nuashonrú nuair is gá.	Gach bliain	Seirbhísí Corparáideacha
14. Tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a chur faoi bhráid CCTÉ	Na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh maidir le tuairisciú, agus dul chun cinn a léiriú i gcur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas agus i gcothú meonta dearfacha i leith daoine faoi mhíchumas.	Tuairisc dhul chun cinn bhliantúil ullmhaithe agus curtha faoi bhráid CCTÉ taobh istigh de na frámaí ama riachtanacha. Tuarascáil faofa ag an bhainistíocht shinsearach Monatóireacht agus taifeadadh déanta ar an dul chun cinn i leith gach gnímh. Torthaí in úsáid le bonn eolais a chur faoi ghníomhartha agus	Gach bliain	Seirbhísí Corparáideacha

DRÉACHT

		feabhsuithe amach anseo.		

DRÉACHT

DRÉACHT